# 8 Bainistíocht an eastáit scoileanna


**8.1** Tá freagracht fhoriomlán ar an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) as eastáit scoile na tíre a bhainistiú agus a mhaoirsiú. San eastát ar fad, tá nach mór 4,000 scoil a dhéanann freastal ar thart ar 931,000 dalta (féach ar Figiúr 8.1).

**8.2** Soláthraíonn an Roinn cistiú caipitil faoin scéim shaoroideachais do scoileanna saor ó tháillí chun suíomhanna a fháil, móroibreacha agus mionoibreacha caipitiúla a chur i gcrích agus obair chothabhála a dhéanamh.[1] Tá scoileanna uile na tíre incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin Scéim um Oibreacha Éigeandála má tá oibreacha práinneacha le déanamh mar thoradh ar éigeandáil, nó má fhaightear iarratas ar chlárú ó dhalta a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici.

**8.3** Le linn na tréimhse 2012 go 2019, bhain earnáil na scoileanna leas as an infheistíocht shuntasach a rinneadh san eastát, nuair a cuireadh líon suntasach scoileanna nua agus síntí móra i gcrích. Sa tréimhse seo, thabhaigh an Roinn caiteachas caipitiúil beagán le cois €4 bhilliún i dtaca leis an earnáil (féach ar Figiúr 8.2). Tabhaíodh caiteachas €3.1 billiún ar shuíomhanna a fháil agus tionscadail oibreacha caipitiúla a chur i gcrích, amhail scoileanna nua a thógáil, nó síntí a chur le scoileanna atá ar an bhfód cheana féin nó obair athchóirithe a dhéanamh orthu. Baineann an t-iarmhéid €1 bhilliún go príomha le hoibreacha samhraidh, mionoibreacha agus oibreacha éigeandála, agus caiteachas eile a bhaineann le cúrsaí caipitil.

**8.4** In 2019, caitheadh €665 milliún ar thionscadail oibreacha caipitiúla agus bhain €69 milliún den mhéid sin le suíomhanna a fháil.

**Figiúr 8.1 Forléargas ar chóras na scoileanna, 2018/2019**





Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

Nóta: a Áiritear leis na hiar-bhunscoileanna 51 iar-bhunscoil táille ar a bhfreastalaíonn thart ar 26,000 dalta.

1 De ghnáth, ní fhaigheann scoileanna táille deontais chaipitil ná íocaíochtaí caipitíochta. In 2018, áfach, íocadh deontais chaipitil ar fiú €689,500 iad le scoileanna táille agus íocadh €268,500 breise as caiteachas eile a bhaineann le cúrsaí caipitil.

**Figiúr 8.2 Caiteachas caipitil ar an eastát scoileanna, 2012 – 2019**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Áirítear in 'Eile' caiteachas ar fhoirgnimh réamhdhéanta, troscán agus trealamh a athsholáthar, scoileanna a leasú agus caiteachas ilghnéitheach eile.

b Is éard atá i gceist le tionscadail mhórscála ná tionscadail lena mbaineann caiteachas de bhreis ar €1 mhilliún chun scoileanna nua a thógáil nó scoileanna atá ar an bhfód cheana a athchóiriú nó a shíneadh.

c Faoin scéim cóiríochta breise, is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar an Roinn chun ceadú a fháil líon beag seomraí ranga nó aonad riachtanas speisialta a chur leis an bhfoirgneamh atá ann cheana.

d Áirítear leis an gcaiteachas iomlán €4.1 billiún roinnt caiteachais reatha a bhaineann le cóiríocht bhreise a fháil ar cíos.

**8.5** Ós rud é go mbaineann luach leis an eastát ó thaobh cúrsaí airgeadais de agus i dtéarmaí na feidhme atá leis cóiríocht a chur ar fáil don phobal scoile freisin, is tábhachtach mar sin go ndéantar é a bhainistiú agus a chothabháil go caighdeán cuí. Is iad na príomhchuspóirí

- an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ann cheana, agus
- a áirithiú go mbeidh aon infheistíocht a dhéanfar amach anseo bunaithe ar fhianaise ina shainaithnítear riachtanais maidir le cóiríocht a chur ar fáil don phobal scoile, agus go dtabharfar tús áite do na hacmhainní atá ar fáil cheana nuair a bhíonn aghaidh á tabhairt ar na riachtanais sin.

**8.6** Sa tuarascáil seo, féachtar ar shocruithe na Roinne maidir leis na nithe seo a leanas:

- monatóireacht a dhéanamh ar bhail na maoine laistigh den eastát scoileanna
- cistiú a chur ar fáil chun cothabháil agus athchóiriú a dhéanamh ar an eastát scoileanna
- rialachas úinéireachta agus rialú na maoine laistigh den eastát scoileanna.

## Monatóireacht ar bhail an eastáit scoileanna

**8.7** Chun bheith éifeachtach, is gá go n-éascódh córas bainistíochta eastáit le measúnú ar bhail sócmhainní maoine scoile bunaithe ar chaighdeáin chuí, agus measúnú ar fheidhmiúlacht na sócmhainní céanna trí thagairt a dhéanamh do ghnéithe a imríonn tionchar ar chúrsaí oideachais. Ba cheart go stóráilfí faisnéis maidir leis an eastát ar chóras rialaithe um bainistíocht sócmhainní atá cothrom le dáta, agus ba cheart go mbeadh an fhaisnéis sin ina bunfhoinse do na sonraí uile a bhaineann le bonneagar scoile. Leagtar amach i Figiúr 8.3 na cineálacha faisnéise ar a laghad ar cheart a thaifeadadh ar chóras bainistíochta eastáit.

**Figiúr 8.3 Bunriachtanais sonraí ar chóras bainistíochta eastáit**

Ba cheart go gcoinneodh córas bainistíochta eastáit príomhshonraí maidir le gach campas/suíomh scoile, amhail:

- méid agus úinéireacht an tsuímh
- achar na bhfoirgneamh, lena n-áirítear sonraí maidir le cineál agus feidhm an fhoirgnimh agus aon chóiríocht shealadach a úsáidtear ar an suíomh
- sonraí maidir le bail agus aois na bhfoirgneamh
- na saoráidí atá ar fáil, lena n-áirítear feidhm gach spáis/seomra
- sonraí maidir le cláir oibreacha caipitiúla agus cothabhála atá curtha i gcrích, idir lámha agus/nó sceidealta
- sonraí bainistíochta saoráidí

Foinse: *Planning for School Infrastructure*, Oifig Iniúchóireachta *New South Wales*, Bealtaine 2017

**8.8** Faoin gcóras bainistíochta eastáit, ba cheart gur féidir súil a thabhairt ar na sócmhainní ar an leibhéal áitiúil chun a chinntiú go bhfuil na foirgnimh sa scoilcheantar oiriúnach don fheidhm agus go n-úsáidtear go héifeachtúil iad ag leibhéal straitéiseach/pleanála, agus gnéithe ábhartha eile amhail líonraí iompair scoile, sonraí déimeagrafacha agus forbairt tithíochta á gcur san áireamh ag an am céanna. Chun tacaíocht a chur ar fáil agus cinntí ar fud an eastáit scoileanna á bpeanáil, a gcistiú agus á gcur in ord tosaíochta, ba cheart nuashonrú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta eastáit ar bhonn rialta agus é a fheabhsú de réir mar is gá le faisnéis chothrom le dáta maidir le bail na bhfoirgneamh scoile atá ar an bhfód cheana.

**8.9** Níl bunachar sonraí/córas bainistíochta sonraí láraithe ag an Roinn faoi láthair chun sainscagadh comhtháite córasach a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le bail nó aois foirgneamh scoile nó sonraí eile maidir le cineál an fhoirgnimh, mar shampla foirgnimh scoile a mbaineann stádas oidhreachta leo nó a mbíonn aire speisialta de dhíth orthu.

**8.10** In éagmais córais leordhóthanaigh bainistíochta sócmhainní, tá cosc ar an Roinn measúnú iontaofa a dhéanamh

- ar an mbealach atá athrú ag teacht ar an eastát scoile le himeacht ama
- ar na deisiúcháin agus uasghrádaithe atá ag teastáil, agus i gcásanna fíorthromchúiseacha, ar an ngá atá le scoil nua a thógáil.

### *Tionscnaimh chun bunachar sonraí a fhorbairt*

**8.11** I gClár an Rialtais, 2011 – 2016, áirítear gealltanas ón Roinn *go ndéanfar mionscrúdú ar a bunachar sonraí láraithe cóiríochta scoile chun a chinntiú go ndéanfar fardal iomlán d'fhoirgnimh scoile agus struchtúir ghaolmhara a choinneáil ar mhaithe le heasnaimh a shainaithint go héasca*, d'fhonn fardal náisiúnta de bhonneagar scoile a fhorbairt. Dúirt an tAire ag an am sin "*Cé go bhfuil faisnéis shuntasach againn maidir le saoráidí i scoileanna aonair, níl aon chóras struchtúrtha i bhfeidhm againn faoi láthair chun na sonraí seo a bhailiú agus a stóráil go náisiúnta ar bhonn cothrománach a éascódh an próiseas cinnteoireachta ar leibhéal na pleanála spásúla.*"

**8.12** Ó bhí 2001 ann, tá an Roinn tar éis tabhairt faoi thrí threoirthionscadal maidir le fardal bunachair sonraí náisiúnta d'fhoirgnimh scoile a fhorbairt. Tugtar léiriú orthu sin anseo thíos.

#### *Treoirthionscadal fardail Chontae Chill Chainnigh — (2001 – 2002)*

**8.13** In 2001, rinne an Roinn treoirthionscadal i gCo. Chill Dara inar bailíodh faisnéis chuimsitheach faoin gcóiríocht scoile in thart ar 125 bunscoil agus iar-bhunscoil. I measc na faisnéise a bailíodh, áiríodh líníochtaí suirbhé láithreán agus tuarascálacha ar bhail foirgnimh. Ba é aidhm an tionscadail cabhair a thabhairt do phleanáil fhadtéarmach maidir le soláthar caipitil trí shainaithint mhionsonraithe a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta trí shuirbhéanna tomhaiste agus tuarascálacha ginearálta ar bhail foirgnimh a chur i gcrích do gach ceann de na scoileanna. Tháinig deireadh leis an tionscadal in 2002. Léirítear an fhaisnéis a fuarthas ar bhunachar sonraí Córais Faisnéise Geografaí (*GIS*). Agus an tionscadal curtha i gcrích agus measúnú déanta air, rinneadh cinneadh gan an suirbhé a leathnú chuig gach scoil ar fud na tíre mar gheall ar chúrsaí costais, infhaighteacht acmhainní foirne agus go mbeadh gá leis na tuarascálacha a nuashonrú ar bhonn leanúnach.

#### *Fardal cóiríochta (2010)*

**8.14** In 2010, tháinig fardal ar chóiríocht shealadach agus cóiríocht bhuan i bhfeidhm ar thairseach TFC (*Esinet*) arna úsáid ag scoileanna.[1] Tugadh cuireadh do scoileanna faisnéis a chur ar fáil maidir lena bhfoirgnimh agus beartaíodh go ndéanfaí na sonraí bailithe a chomhtháthú ar an *GIS*. De réir na Roinne, cé gur chuir roinnt scoileanna faisnéis ar fáil ar an gcóras, ní dhearna scoileanna na sonraí fardail a uasdátú le blianta beaga anuas. I bhfianaise a thapa agus a fhásann go leor scoileanna, is beag seans go bhfuil staid reatha na cóiríochta mar a léiríodh í ar an gcóras fardail an uair sin.

#### *Treoirstaidéar i gcúig limistéar — (2012)*

**8.15** Rinneadh an tríú treoirthionscadal eile in 2012 i gcúig limistéar ar leith — Tuaim, An Uaimh, Cluain Meala, Port Laoise, agus cuid de Chathair Luimnigh. Bhí sé d'aidhm ag an tionscadal seo an Roinn a chumasú sainaithint a dhéanamh ar an mbealach is fearr agus is éifeachtúla ó thaobh costas de an fhaisnéis a bhailiú agus na sonraí is luachmhaire agus is feidhmiúla ar chúiseanna pleanála amach anseo a shainaithint. Mar chuid den tionscadal, rinneadh suirbhé mionsonraithe ar na saoráidí reatha scoile sna sprioclimistéir. Bhí sé i gceist faisnéis fardail níos mionsonraithe ar scoileanna a chomhtháthú leis na sonraí atá ar fáil ar an *GIS*. Tá sé ráite ag an Roinn go ndearnadh measúnú ar thorthaí an treoirthionscadail seo agus gur ceapadh foireann tionscadail chun forbairt an bhunachair sonraí fardail a chur ar aghaidh ar bhonn tosaíochta don chuid eile don tír. Rinneadh na sonraí a bailíodh ó na limistéir sin a chomhtháthú ar an *GIS*.

1 Is éard atá in *Esinet* ná ardán le haghaidh cumarsáide idirghníomhaí idir an Roinn agus a comhpháirtithe, scoileanna san áireamh.

**8.16** Agus na tionscadail sin curtha i gcrích, tháinig an Roinn ar an gconclúid nach raibh an cur chuige arna ghlacadh sna treoirthionscadail oiriúnach lena leathadh amach ar fud na tíre ar na cúiseanna seo a leanas:

- úsáideacht agus feidhmiú an chur chuige
- neamhábaltacht cruinneas na sonraí maidir leis an gcóiríocht agus na tuarascálacha ar bhail foirgnimh a choinneáil ar bhonn inmharthana
- costas agus
- an méid ama a thógann sé é a chur i bhfeidhm.

Dá bhrí sin, chinn an Roinn go raibh cur chuige difriúil ag teastáil chun bunachar sonraí/córas bainistíochta sócmhainní láraithe a fhorbairt agus a leathadh amach.

**8.17** Seachas na limistéir inar ndearnadh na treoirthionscadail, níl aon fhorbairt bhreise déanta ar an mbunachar sonraí fardail agus mar sin, ní chuirtear bail na maoine scoileanna reatha san áireamh ar leibhéal an scoilcheantair agus scoileanna amach anseo á bhforbairt nó cistiú á leithdháileadh chun uasghrádú nó deisiú a dhéanamh.

### *Córas faisnéise na Roinne*

**8.18** Ó bhí 2008 ann, tá bunachar sonraí *GIS* náisiúnta á choinneáil ag an Roinn. Faoi láthair, is é príomhchuspóir an bhunachair sonraí seo cabhair a sholáthar chun áiteanna scoile a phleanáil. Tá an tír roinnte ag an Roinn ina 314 limistéar pleanála agus úsáidtear faisnéis ó réimse foinsí[1] chun an t-éileamh ar áiteanna i scoileanna a mheas.

**8.19** I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhéach an Roinn le forbairt an fhardail náisiúnta maidir le hacmhainn i scoileanna a chur ar aghaidh. Mar chuid de na tuairisceáin rollaithe bhliantúla, iarradh ar scoileanna faisnéis a chur ar fáil maidir leis an éileamh ar áiteanna sna scoileanna, acmhainn na scoileanna agus líon na seomraí ranga, lena n-áirítear líon na ndaltaí atá i gcóiríocht shealadach, amhail foirgnimh réamhdhéanta. Uaslódáladh an fhaisnéis seo ar *GIS* na Roinne le linn 2020.

**8.20** Luaigh an Roinn go bhfuil sé beartaithe, mar chuid de phróiseas na dtuairisceán scoileanna i mí Dheireadh Fómhair, an fhaisnéis bhreise seo a leanas a lorg ó scoileanna, i ndáil le:

- líon na seomraí arna n-úsáid le haghaidh teagaisc oideachais speisialta
- cibé an bhfuil seomra ilfhóinteach sa scoil nó an bhfuil ceann ar fáil go háitiúil
- fáil foirne agus daltaí ar uisce te chun lámha a ní
- foinse teasa na scoile (ola, gás nádúrtha nó *LPG*, teaschaidéil, leictreachas, caidéil bhithmhaise).

**8.21** Ba cheart go n-áirítear i gcóras bainistíochta sócmhainní iomlán comhtháite faisnéis maidir le bail an bhonneagair reatha atá ar fáil agus riachtanais chothabhála ar bhonn córasach. Níl a leithéid de chóras ag an Roinn fós, rud a chiallaíonn go bhfuil leithdháileadh cistí um dheisiúcháin, cothabháil agus athsholáthar fós á bhunú go príomha ar iarratais ó scoileanna ar leith.

**8.22** Tá sé ar intinn na Roinne fardal náisiúnta ar chóiríocht scoileanna a fhorbairt ar *GIS* chun tacú lena clár infheistithe fuinnimh. Tá sé beartaithe go soláthróidh an fardal seo sonraí maidir le cineál na bhfoirgneamh scoile, an t-oll-achar urláir, creatlach agus bail an fhoirgnimh, chomh maith le tréithe feidhmíochta fuinnimh agus ídithe fuinnimh gach foirgnimh ar leith.

1 Foinsí ó léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis, sonraí sochair linbh, agus forbairtí tithíochta a tógadh le déanaí agus forbairtí tithíochta atá beartaithe.

## Cistiú um chothabháil agus athchóirú scoileanna

**8.23** Is féidir cistiú a fháil chun obair chothabhála nó athchóirithe a dhéanamh nó chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna éigeandála i scoil faoi cheann amháin nó níos mó de na trí scéim seo ar a dtugtar: scéim na n-oibreacha samhraidh; scéim na mionoibreacha; agus scéim na n-oibreacha éigeandála. Tugtar forléargas ar gach ceann de na scéimeanna sin i Figiúr 8.4. Is ionann comhchaiteachas na dtrí scéim sin in 2019 agus €86 milliún.

**Figiúr 8.4 Scéimeanna um an eastát scoileanna a chothabháil agus a fheabhsú**

| Scéim | Oibreacha samhraidh | Mionoibreacha | Oibreacha éigeandála |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas 2019** | €31 milliún | €29 milliún | €26 milliún |
| **Feidhm na scéime** | Cistiú le haghaidh scoileanna chun oibreacha mionscála a dhéanamh le linn mhíonna an tsamhraidh de ghnáth. | Cistiú le haghaidh bunscoileanna ionas gur féidir oibreacha mionscála agus feabhsúcháin a dhéanamh ar a bhfoirgnimh scoile, agus iad sin amháin. Féadfaidh an Roinn comhairle a thabhairt d'údaráis na scoile an deontas a úsáid chun tús áite a thabhairt d'oibreacha ar leith. | Áirithíonn an scéim seo go bhfuil cistiú ar fáil do scoileanna uile i gcás éigeandála nó nuair a fhaightear iarratas ar rollú ó dhalta a bhfuil riachtanais speisialta acu agus a mbeidh trealamh nó cóiríocht speisialta de dhíth orthu. |
| **An cineál oibre a chumhdaítear** | Oibreacha gáis, oibreacha leictreachais, oibreacha meicniúla agus oibreacha ar an díon agus ar na fuinneoga go príomha. | Áirítear leis<br>▪ feabhsúcháin ar fhoirgnimh agus ar thailte na scoile amhail athdhromchlú chlóis na scoile, athphéinteáil agus athchóiriú<br>▪ trealamh corpoideachais agus troscán, trealamh TFC san áireamh, a cheannach. | Tugtar aghaidh ar fhadhbanna<br>▪ a chuireann sláinte, saol, maoin nó an comhshaol i mbaol láithreach, más baol tobann gan choinne é a chuirfeadh cosc ar oscailt na scoile (nó ar chuid den scoil)<br>▪ a chuirfeadh cosc ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu freastal ar an scoil. |
| **Dáileadh na ndeontas** | Ní mór do bhoird bainistíochta fianaise maidir le bail na saoráidí reatha, tuarascálacha teicniúla agus meastacháin ar chostais a chur isteach chuig an Roinn, in éineacht leis an iarratas. Ceadaítear na deontais i ndiadh athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe sin. Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar thionscadal mionscála amháin ar a mhéid in aghaidh na bliana. | Dáiltear cistiú faoin scéim seo ar bhonn méideanna seasta in aghaidh an dalta agus in aghaidh na scoile.<br>Cuirtear cistiú ar fáil do na bunscoileanna uile don scoilbhliain, comhdhéanta de bhundeontas €5,500 móide €18.50 in aghaidh gach dalta príomhshrutha a fhreastalaíonn ar an scoil agus €74 in aghaidh gach dalta a bhfuil riachtanais speisialta acu. | Ní mór d'iarratasóirí costmheastachán agus fianaise maidir leis an gcás éigeandála a chur ar fáil don Roinn. |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

**8.24** Chomh maith leis na trí scéim seo, is féidir cuid de na deontais chaipitíochta a íoctar le scoileanna[1] a chaitheamh ar chothabháil ghinearálta, de réir mar is rogha ag príomhoide na scoile nó ag an mbord bainistíochta. In 2019, íocadh deontais chaipitíochta ar luach €204.1 milliún iad do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá sa scéim saoroideachais. Ní féidir meastachán a dhéanamh ar an méid a íoctar ar chothabháil toisc nach ndéantar é sin a thuairisciú don Roinn.

**8.25** Toisc nach bhfuil scoileanna dara leibhéil incháilithe iarratas a dhéanamh ar dheontais mhionoibreacha, ní mór dóibh brath ar íocaíochtaí deontais chaipitíochta agus ar a n-ioncam deontais neamhphá don chuid is mó chun cothabháil ghinearálta a dhéanamh ar na scoileanna sin.

## Bainistíocht eastáit i gcás scoileanna ar leith

**8.26** Maidir le dea-bhainistíocht eastáit ag leibhéal na scoile aonair, is riachtanach pleanáil agus bainistíocht éifeachtach, chomh maith le rochtain ar fhaisnéis cheart iontaofa, a bheith i bhfeidhm. Ag leibhéal na scoile, bheadh na gnéithe seo a leanas ag teastáil de ghnáth:

- faisnéis maidir le talamh agus foirgnimh, lena n-áirítear bail gach gné ar leith den eastát scoile
- sonraí maidir le húsáid fuinnimh agus uisce
- faisnéis ar cheanglais reachtúla um shláinte agus sábháilteachta atá le comhlíonadh
- plean cothabhála lena n-áirítear liosta tosaíochta de thionscadail chothabhála eastáit atá le cur i gcrích i gceann bliana, i gceann dhá bhliain agus i gceann cúig bliana.

### *Treoir do scoileanna*

**8.27** Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil sé de chúram ar gach bord bainistíochta é féin a chinntiú go ndéantar a scoileanna a chothabháil mar is cuí. In 1998, d'eisigh an Roinn lámhleabhar maidir le bunscoileanna a chothabháil. Níl treoir ar bith eile eisithe ag an Roinn ó shin maidir le heastáit a bhainistiú.

**8.28** Tá Roinn Oideachais na Ríochta Aontaithe tar éis treoir a eisiúint le déanaí chun cabhrú le scoileanna aonair a n-eastáit féin a bhainistiú.[2] Sainaithnítear sa treoir sin na saincheisteanna is tábhachtaí dóibh siúd atá freagrach as maoin agus áitreabh scoileanna a bhainistiú. Áirítear sa treoir seicliostaí chun cabhrú le bainisteoirí scoile na rudaí seo a leanas a chinntiú:

- go bhfuil a n-áitreabh sábháilte agus oiriúnach agus go ndéantar na rioscaí a bhaineann lena bhfoirgnimh a shainaithint agus a bhainistiú
- go ndéantar an talamh agus na foirgnimh a bhainistiú ar bhonn éifeachtach éifeachtúil.

1 Íoctar deontais chaipitíochta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna deonacha bunaithe ar líon na ndaltaí aitheanta atá cláraithe sa scoil.

2 Féach ar *Good estate management for schools: tools, Roinn Oideachais na Ríochta Aontaithe, Aibreán 2018 (uasdátaithe Márta 2019)*.

**8.29** Tá sé mar aidhm ag an seicliosta aird thráthúil a dhíriú ar réimsí criticiúla, rud a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar fhadhbanna agus ar an ngá atá le caiteachas suntasach caipitiúil amach anseo. Déantar cur síos sa treoir freisin ar na bunphrionsabail do scoileanna maidir le bainistíocht eastáit agus tugtar léargas ar na polasaithe, na próisis agus na doiciméid thábhachtacha is ceart do scoileanna a chur i bhfeidhm. Áirítear leo siúd

- fís, straitéis agus plean eastáit
- próisis agus nósanna imeachta doiciméadaithe
- sonraí maidir le ceanglais um shláinte agus sábháilteachta, agus ceanglais um chomhlíonadh reachtúil
- logaí maidir le cothabháil an eastáit
- sonraí maidir leis an talamh agus na foirgnimh
- nósanna imeachta maidir le húsáid fuinnimh agus uisce a bhainistiú.

**8.30** Príomhghné atá riachtanach do bhainistiú éifeachtach eastáit ar leibhéal scoile ná plean cothabhála scoile a fhorbairt lena n-áirítear cuspóirí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha, tosaíochtaí i ndáil le hoibreacha, buiséid agus amlínte. Féadfaidh sé bheith ina cabhair do bhoird scoile tuiscint a bheith acu ar bhail an eastáit ionas gur féidir leo cinntí eolasacha a dhéanamh maidir leis an eastát agus pleananna éifeachtacha cothabhála a fhorbairt. Níl aon fhianaise ann, áfach, go mbíonn cur chuige beartaithe ag scoileanna de ghnáth maidir le cúrsaí cothabhála scoile.

## Rialachas an eastáit scoileanna

**8.31** Go traidisiúnta, bhraith an Roinn go mór ar chomhpháirtithe an oideachais (comhlachtaí pátrúin amhail údaráis na heaglaise go tipiciúil) chun suíomhanna a chur ar fáil le haghaidh foirgneamh scoile, ar cistíodh a dtógáil ón Vóta ina dhiaidh sin. Ón mbliain 1999, tá an Roinn tar éis suíomhanna ar ar tógadhscoileanna a fháil go díreach agus a aistriú ina dhiaidh sin chuig rialú pátrún scoile agus bord bainistíochta.

### *Scoileanna ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht an Aire*

**8.32** Tá sé luaite ag an Aire go bhfuil 13% de scoileanna faoi láthair tógtha ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht an Aire agus na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus go bhfuil na suíomhanna eile faoi úinéireacht na bpátrún scoile. Coinníonn an Roinn taifid úinéireachta scoileanna atá tógtha ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht an Aire.

**8.33** Níl aon chomhaontuithe léasa i bhfeidhm faoi láthair le comhlachtaí pátrúin chun rialú a dhéanamh ar úsáid agus cothabháil scoileanna arna dtógáil ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht an Aire. Chuir an Roinn tús in 2011 le próiseas ina bhfuil 'teimpléad' nua á ullmhú do chomhaontú léasú chun na críche sin. Luaigh an Roinn gur cuireadh téarmaí an léasa nua do scoileanna ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht an Aire i gcrích i mí Lúnasa 2019 i ndiaidh rannpháirtíochta fadtréimhsí leis na comhlachtaí pátrúin thar roinnt blianta. Tá an Roinn tar éis teimpléad léasa a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin. Tá an Roinn ag obair le pátrúin scoile agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit faoi láthair chun na léasanna sin a chur i bhfeidhm.

**8.34** Faoin Acht um Oideachas agus Oiliúint 2013, is feidhm fhorchoimeádta de bhoird na mBord Oideachais agus Oiliúna é maoin BOO a dhiúscairt nó a léasú. Cuirtear de cheangal orthu freisin le Cód Cleachtas na mBOOanna cead a fháil ón Aire maidir le maoin a dhiúscairt nó a léasú.

### *Scoileanna ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht pátrúin*

**8.35** Go traidisiúnta, bhain an Roinn leas as ionstraimí dlíthiúla, lena n-áirítear léasanna muirir agus ráitis mhuiníne chun leas an Stáit i scoileanna arna dtógáil ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht pátrún a áirithiú. Tá na hionstraimí sin fós i bhfeidhm i roinnt scoileanna. Fuarthas, áfach, go raibh na hionstraimí seo ciotach ó thaobh a gcothabhála le himeacht ama. Maidir leis na cásanna ina bhfuil a leithéid i bhfeidhm, tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil na taifid a bhaineann leis na scoileanna sin i seilbh na Roinne. Tá sé ráite ag an Roinn freisin nach ndéanann sí rianú ar athruithe úinéireachta i gcás suíomhanna atá faoi úinéireacht pátrúin, agus go mbíonn an Roinn ag brath ar chlárlanna an Stáit arna gcoinneáil ag an Údarás Clárúcháin Maoine chun an fhaisnéis sin a fháil.

**8.36** In 2004, chuir Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit comhairle ar an Roinn á mholadh gurbh éifeachtaí agus gur éifeachtúil an sásra é 'gníomhas muirir agus cúnaint' chun leas an Stáit a áirithiú maidir le scoileanna arna dtógáil ar thalamh atá faoi úinéireacht pátrúin.[1] Leagfaí amach sa ghníomhas roinnt téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le saoráidí scoile a úsáid agus lena gcinnteofaí go bhfuil an úsáid sin i gcomhréir leis an Acht Oideachais 1988 agus rialacha, rialacháin agus treoir ar bith arna n-eisiúint ag an Aire.

**8.37** Luaigh an Roinn go bhfuiltear i mbun teagmhála leis na pátrúin scoile agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun foirm an ghníomhais a thabhairt chun críche agus chun a fháil amach freisin cibé an féidir próiseas iarratais comhiomlánaithe a úsáid chun an gníomhas a chur i bhfeidhm. Leis an bpróiseas iarratais comhlánaithe seo, cheadófaí do phátrúin an gníomhas a chlárú i gcoinne grúpa scoileanna mar iarratas amháin seachas é a bheith orthu gníomhais a chlárú do scoileanna aonair in iarratais ar leithligh. Is gá go mbeidh rannpháirtíocht bhreise idir na pátrúin, Príomh-Oifig an Aturnae Stáit agus an Údarás Clárúcháin Maoine chun próiseas iarratais comhlánaithe éifeachtach a chomhaontú.

**8.38** Lorgaíodh ón Roinn na comhaontuithe dlíthiúla a bhaineann le leas an Stáit a chosaint le haghaidh sampla de 12 thionscadal scoile arna gcistiú faoin b*Plean um Thógáil Scoileanna 2012 – 2016*. As na scoileanna sin, ba scoileanna BOO iad dhá scoil ina mbraitheann an Roinn ar an gcaidreamh reachtúil agus rialachais idir an Aire agus na BOOanna chun leas an Aire a áirithiú. As na deich scoil eile, ní raibh comhaontú dlithiúil reatha i bhfeidhm ach i gcás ceann amháin díobh. Ag féachaint do chineál pobalbhunaithe na scoileanna agus an caidrimh comhoibríoch idir an Roinn agus na pátrúin scoile a théann chun tairbhe an uile comhpháirtí, chomh maith le líon fíoríseal na scoileanna a dhúntar in aghaidh na bliana, is fiorbheag an riosca caillteanais atá ann don Stáit, de réir na Roinne. Ar an drochsheans go dtarlódh a leithéid, tá sé ráite ag na Roinn go bhféachfaí chun a leas cothromais a chur i bhfeidhm sna scoileanna atá faoi úinéireacht pátrúin agus ar sholáthair an Roinn cistiú deontais chaipitil dóibh. Don sampla sin de na 12 scoil, tá léasanna nua scoile le cur i bhfeidhm i gcás ocht gcinn de na scoileanna atá faoi úinéireacht an Aire, agus tá gníomhais mhuirir agus cúnaint le cur i bhfeidhm i gcás dhá cheann de na scoileanna atá faoi úinéireacht pátrúin. Tá an dá scoil eile á bhfeidhmiú ag na Boird Oideachais agus Oiliúna.

**8.39** De réir na Roinne, ón mbliain 2011 tá sé comhaontaithe ag na comhlachtaí pátrúin atá i gceannas ar scoileanna atá tógtha ar thalamh atá faoi úinéireacht an Aire go síneoidh siad na comhaontuithe léasa iomchuí nuair a leathfar amach iad.

1 Taifeadadh an bhliain 2009 go mícheart sa tuarascáil bhunaidh a foilsíodh.

**8.40** Tá 162 tionscadal curtha i gcrích ón mbliain 2012 ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht pátrúin (lena n-áirítear 10 dtionscadal Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (CPP)). Is ionann an infheistíocht iomlán sin agus €847 milliún.[1] In éagmais comhaontuithe dlíthiúla idir an Roinn agus na húdaráis scoile iomchuí maidir leis na tionscadail seo agus tionscadail a rinneadh roimhe seo, tá baol ann nach bhfuil infheistíocht an Aire cosanta faoi láthair dá mba rud é go n-athródh cúinsí don chomhlacht pátrúin. Tá 32 tionscadal breise curtha i gcrích ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht BOO agus tá infheistíocht iomlán €271 milliún ag baint leo. Ní haon ábhar imní é comhaontuithe dlíthiúla a bheith in éagmais sna cásanna sin toisc nach féidir sócmhainní BOO a dhiúscairt gan ceadú a fháil ón Aire.

### *Aitheantas ar shócmhainní*

**8.41** Cé go gcuireann an tAire an cistiú ar fad (nach mór) ar fáil i leith caiteachais chaipitil do scoileanna, ní dhéantar na sócmhainní gaolmhara a thaifeadadh i ráitis airgeadais na Roinne. Tá difríochtaí i gceist ag brath ar cibé an bhfuil an suíomh faoi úinéireacht an Aire nó nach bhfuil.

- Déanfar scoileanna atá tógtha ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht an Aire a thaifeadadh i ráitis airgeadais na Roinne go dtí go mbeidh an tionscadal curtha i gcrích. Ar a cur i gcrích, déantar an tsócmhainn a aistriú chuig pátrún na scoile agus baintear de ráitis airgeadais na Roinne í ar an mbonn go bhfuil rialú agus bainistiú na scoile aistrithe chuig pátrún agus bord bainistíochta na scoile. Tá sé sin i gcomhréir leis na ceanglais chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa. Chun críocha cuntasaíochta, déanann an Roinn aistriú rialaithe na sócmhainne a thaifeadadh mar dhiúscairt ina ráitis airgeadais. Ní aistrítear úinéireacht na sócmhainne, áfach. Coinníonn Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne comhad maidir le suíomhanna atá faoi úinéireacht an Aire, lena n-áirítear maoine atáthar tar éis a thabhairt ar láimh d'údaráis scoile, agus suíomhanna atá i mbun forbartha.
- I gcás suíomhanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aire, cuirtear cistiú caipitil ar fáil go díreach chuig na scoileanna, BOOanna, agus comhlachtaí eile pátrúin ar mhaithe le scoileanna nua a thógáil ar na suíomhanna seo. Ní dhéantar na sócmhainní a thagann dá bharr a thaifeadadh i ráitis airgeadais na Roinne.

**8.42** Gan beann ar úinéireacht suímh, ní dhéantar luachanna na sócmhainní maoine a thaifeadadh i ráitis airgeadais na bpátrún/na mbord bainistíochta ná i ráitis airgeadais na mBord Oideachais agus Oiliúna. Dá bharr sin, níl aon sásra éifeachtúil i bhfeidhm lena gcumasaítear luach iomlán an eastáit scoileanna a thiomsú.

## Tátail agus moltaí

**8.43** Áiríodh i gClár an Rialtais, 2011-2016 gealltanas chun mionscrúdú a dhéanamh ar bhunachar sonraí lárnach na Roinne maidir le cóiríocht scoile chun a chinntiú go mbúnófar fardal iomlán d'fhoirgnimh scoile agus struchtúir ghaolmhara. I gcás go mbeadh a leithéid de bhunachar sonraí i bhfeidhm, bheadh sé ina thaca do chur chuige níos éifeachtúlaí maidir le heastát iomlán na scoileanna a bhainistiú agus cinntí a dhéanamh ina thaobh, agus bheadh sé ina chabhair freisin ó thaobh easnaimh sna scoileanna a shainaithint.

1 Áirítear leis an bhfigiúr seo costais chaipitiúla arna dtabhú ag an Roinn i leith deich scoil *PPP* (Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí), amhail costais suímh agus tobhaigh forbartha ach ní áirítear leis costais tógála arna n-íoc mar mhuirear aonadach míosúil, mar aon le costais chothabhála agus saolré.

**8.44** Rinne an Roinn roinnt treoirthionscadal chuige sin ach ní dhearnadh iad a fhorbairt nó a leathadh amach don chóras ina iomláine. An easpa faisnéise sin ar bhunachar sonraí comhdhlúite maidir le bail scoileanna aonair laistigh den eastát scoileanna, téann sí i bhfeidhm ar éifeachtúlacht na bpróiseas a úsáideann an Roinn chun

- acmhainní infheistíochta dírí a phleanáil ar bhonn éifeachtúil
- measúnú a dhéanamh ar conas atá bail an eastáit scoileanna ag freagairt d'infheistíocht agus, mar sin, chun measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil a spriocanna á mbaint amach
- cinntí feasacha straitéiseacha a dhéanamh, lena n-áirítear faoi leibhéil agus scaipeadh an chistithe.

**8.45** Is é príomhaidhm an bhunachair sonraí atá á úsáid ag an Roinn faoi láthair ná sainaithint a dhéanamh ar an éileamh atá ann ar áiteanna i scoileanna i scoilcheantair ar leith, agus an acmhainn atá ann na háiteanna sin a sholáthar. Glacann an Roinn leis go bhfuil leibhéal íseal faisnéise ar fáil faoi láthair maidir le bail, tréithe agus gnéithe foirgneamh scoile agus go gcaithfear dul i ngleic leis sin thar tréimhse roinnt blianta má táthar chun na scoileanna is mó ina bhfuil oibreacha de dhíth orthu a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta. Thug an Roinn dá haire go mbeidh fardal náisiúnta ar chóiríocht scoile ina thaca dá clár iarfheistithe fuinnimh agus ina chabhair ó thaobh pleanáil a dhéanamh maidir le riachtanais amach anseo agus athoscailt scoileanna i ndiaidh a leithéid agus paindéim.

**8.46** Áirítear sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2018 – 2027* an leithdháileadh atá beartaithe don chistiú €2.5 milliún atá ar fáil do chóiríocht scoile i rith na tréimhse sin. Tá sé beartaithe ag an Roinn béim a chur ar úsáid an stoic atá ann cheana féin a uasmhéadú trí athchóiriú a dhéanamh ar scoileanna seachas scoileanna nua a thógáil. Chuirfeadh sé go mór le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an chuir chuige seo dá gcuirfí i bhfeidhm bunachar sonraí/córas bainistíochta sonraí láraithe cuimsitheach a bheadh in ann faisnéis maidir le bail scoileanna a shainscagadh ar bhonn comhtháite agus córasach.

**8.47** Tá na modhanna arna n-úsáid ag an Roinn chun cistiú a leithdháileadh maidir le cothabháil agus athchóiriú a dhéanamh ar mhaoin scoile bunaithe go príomha ar dheontais chaipitíochta a sholáthar nó ar iarratais a dhéantar ar dheontais shonracha. Níl an Roinn ábalta meastachán a dhéanamh ar bhonn 'an eastáit scoileanna ar fad' maidir le costais chothabhála amach anseo in éagmais bunachair sonraí/córas bainistíochta sonraí láraithe a sholáthraíonn sonraí maidir le bail scoileanna. Gan modh ar bith i bhfeidhm a ligeann do mheasúnú a dhéanamh ar riachtanais bunaithe ar bhail gach scoile, ní féidir leis an Roinn díriú go hiontaofa ar na scoileanna sin is mó a bhfuil cistiú de dhíth orthu.

**Moladh 8.1**

> Ba cheart don Roinn suirbhé a dhéanamh ar mhaoin uile na scoileanna (lena n-áirítear suíomhanna/foirgnimh atá i seilbh gan a bheith in úsáid) ar bhonn comhsheasmhach trí chaighdeáin iomchuí tógala agus bainistíochta eastáit a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar a mbail agus ar a bhfeidhmiúlacht trí thagairt a dhéanamh do ghnéithe a imríonn tionchar ar thorthaí an oideachais.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear

Le deich mbliana anuas, bhí an Roinn dírithe mar ba ghá ar acmhainn bhreise a sholáthar, bunaithe ar éilimh dhéimeagrafacha a léiríonn tosaíochtaí arna leagan amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Le forbairt *GIS* agus bunachair sonraí na Roinne, lena n-áirítear anois fardal náisiúnta ar acmhainn scoile, tá léiriú mar is gá déanta ar an tosaíocht seo agus is mór an chabhair iad sin go léir ó thaobh próisis phleanála chun cinn a leagan amach.

Tá sé beartaithe go ndéanfar an bunachar sonraí a fhorbairt tuilleadh chun sonraí maidir le creatlach agus bail foirgneamh scoile, i dteannta sonraí maidir lena n-ídiú fuinnimh, a áireamh. Tá an fhaisnéis seo tábhachtach ó thaobh an chláir náisiúnta iarfheistithe fuinnimh domhain a leathadh amach mar atá beartaithe ón mbliain 2023 ar aghaidh i scoileanna a tógadh roimh 2008.

**8.48** Tá freagracht dhíreach ar bhoird bainistíochta nó ar phríomhoidí scoile maidir lena scoileanna féin a chothabháil. In 1998, d'eisigh an Roinn treoir do bhunscoileanna maidir le cothabháil a dhéanamh ach níor eisíodh treoir ar bith eile ó shin. Is beag fianaise atá ann go bhfuil pleananna cuimsitheacha um chothabháil choisctheach curtha i bhfeidhm go ginearálta ag leibhéal na scoile. Dá mbeadh a leithéid de phleananna i bhfeidhm agus á n-athbhreithniú ag an Roinn, chabhródh sé lena cinntiú go leithdháiltear an cistiú atá ar fáil de réir riachtanas sainaitheanta agus riachtanas tosaíochta.

**Moladh 8.2**

Ba cheart don Roinn treoir agus eolas dea-chleachtais a eisiúint chun cabhrú le scoileanna ó thaobh a bhfreagrachtaí cothabhála, agus go speisialta, chun cabhrú le scoileanna ó thaobh beartas éifeachtacha bainistíochta eastáit agus pleananna um chothabháil choisctheach a ullmhú. I ndiaidh tréimhse fhógra leordhóthanaigh, ba cheart go mbeadh sé de cheangal ar scoileanna na pleananna sin a chur isteach nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar an Roinn chun cistiú cothabhála nó cistiú tionscadail a fháil.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear

Mar chéad chéim, cruthóidh an Roinn plean cláir chun treoir nuashonraithe maidir le bainistíocht eastáit a fhorbairt do scoileanna agus oibreofar le comhpháirtithe oideachais ar na próisis agus amscálanna iomchuí maidir lena gcur i bhfeidhm. Léireofar sa phlean freisin leathadh amach beartaithe an chláir iarfheistithe fuinnimh mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta é.

**8.49** Meastar go bhfuil thart ar 87% den eastát scoileanna ar thalamh nach leis an Aire ná na BOOanna é. D'ainneoinn na comhairle ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit in 2004, agus an caiteachas sa bhreis ar €3 bhilliún a caitheadh ar mhóroibreacha caipitiúla i scoileanna ó bhí 2012 ann, níl an Roinn tar éis comhaontuithe dlíthiúla a chur i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh d'úsáid leanúnach foirgneamh cistithe mar shaoráidí oideachais.[1] Mar thoradh air sin, tá baol ann nach mbeidh infheistíocht an Stáit cosanta má thagann athrú ar chúinsí an phátrúin nó má dhíoltar an suíomh do thríú páirtí.

1 Taifeadadh an bhliain 2009 go mícheart sa tuarascáil bhunaidh a foilsíodh.

**Moladh 8.3**

Ba cheart don Roinn a chinntiú go gcuirtear comhaontuithe dlíthiúla i bhfeidhm idir í féin agus údaráis scoileanna chun leasa an Aire a áirithiú. Ba cheart é sin a dhéanamh go práinneach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear

Maidir le suíomhanna atá faoi úinéireacht an Aire, tá an Roinn i mbun oibre le pátrúin scoile agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun na léasanna scoileanna a chur i bhfeidhm.

Maidir le suíomhanna atá faoi úinéireacht pátrúin, tá gníomhas muirir agus cúnaint á ullmhú faoi láthair ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach éifeachtúil a áirithiú, tá fiosrú á dhéanamh ag an Roinn, mar aon le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit, maidir le cibé an féidir próiseas iarratais comhlánaithe a fhorbairt a ligfidh do phátrúin scoile an gníomhas a chur i bhfeidhm le haghaidh grúpa scoileanna seachas ar bhonn scoileanna aonair.

**8.50** Cuireann an Roinn cistiú ar fáil don chaiteachas go léir, geall leis, a thabhaítear i leith bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna an Stáit a thógáil. Ina dhiaidh sin, soláthraíonn an Roinn deontais le haghaidh oibreacha breise agus oibreacha cothabhála. Ní aithnítear luach na sócmhainní gaolmhara ar ráitis airgeadais na Roinne ná na n-údarás oideachais.

**Moladh 8.4**

Ba cheart don Roinn breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na socruithe reatha cuntasaíochta a fhágann nach dtugtar aitheantas ar luach sócmhainní arna maoiniú ag cáiníocóirí i ráitis airgeadais na Roinne ná na n-údarás oideachais.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Comhaontaítear

Déanfaidh an Roinn breithniú ar an tsaincheist seo agus lorgófar treoir, de réir mar is cuí, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.